Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2016**
**(OR. en)**

**9373/16**

**JAI 480**
**DROIPEN 96**
**COPEN 173**
**RELEX 429**
**GENVAL 64**
**MIGR 98**
**SOC 348**
**COSI 93**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5287/2/16 REV 2 |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre |

Is é is aidhm do na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo an comhar ildisciplíneach a threisiú i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, agus ionchur a chur ar fáil maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre don straitéis frithgháinneála don tréimhse i ndiaidh 2016 atá beartaithe ag an gCoimisiún a fhorbairt. Tá siad bunaithe (i measc nithe eile) ar ar tháinig as na cúig cheardlann a reáchtáladh in 2015 agus ar an gcomhdháil Teamwork! An comhar ildisciplíneach a threisiú i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, ceardlann a bhí ar siúl ar an 18-19 Eanáir in Amstardam. Is í an Ísiltír, i gcomhar le Lucsamburg, le Poblacht na Slóvaice agus le Málta, a d'eagraigh na ceardlanna agus an chomhdháil.

Rinne an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí ón gComhairle, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 5287/16, a chur i láthair, agus pléadh don chéad uair iad ag cruinniú na Meithle um Ghnóthaí Ginearálta, lena n-áirítear Meastóireacht (GENVAL), a tionóladh ar an 3 Feabhra 2016. Chuir Meitheal GENVAL in iúl go dtacaíonn sí i gcoitinne leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle, faoi réir athruithe áirithe ar an téacs a mhol roinnt toscaireachtaí. Rinneadh athruithe comhfhreagracha ar na dréachtchonclúidí ón gComhairle agus pléadh arís iad ag cruinniú Mheitheal GENVAL a tionóladh ar an 16 Márta 2016 agus ag cruinniú an Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) a bhí ann ar an 18 Aibreán 2016. Thángthas ar chomhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí, ar an gcaoi sin, faoi réir roinnt mionathruithe a rinneadh ar an doiciméad atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

I bhfianaise an méid thuas, iarrtar ar Coreper an comhaontú sin a dheimhniú agus na dréachtchonclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur faoi bhráid na Comhairle lena nglacadh faoi chuid "A" ar chlár oibre an chruinnithe a bheidh aige ar an 9-10 Meitheamh 2016.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE DUL I nGLEIC LEIS AN nGÁINNEÁIL AR DHAOINE AR MHAITHE LEIS AN DÚSHAOTHRÚ OIBRE

– AGUS Í Á CHUR I dTREIS go bhfuil sé ríthábhachtach dul i ngleic le gach uile cineál gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear dúshaothrú striapachas daoine eile nó cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh, obair nó seirbhísí éigeantais, lena n-áirítear déircíneacht, sclábhaíocht nó cleachtais atá cosúil le sclábhaíocht, daoirse, dúshaothrú gníomhaíochtaí coiriúla nó baint orgán, agus gur cheart leanúint de na hiarrachtaí sin go lándúthrachtach;

– AGUS Í Á CHUR I dTREIS gurb é atá sa gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre cineál tromchúiseach coireachta a dhéantar go minic ar bhonn eagraithe agus gur sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha é, a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go ndéantar gáinneáil ar an-chuid íospartach, idir leanaí agus dhaoine fásta, chun críche dúshaothrú oibre, mar shampla trí bhíthin foréigin nó bagairtí, nó trí mhí-úsáid a bhaint as leochaileacht na n-íospartach, agus gur minic a bhíonn na daoine sin thíos faoi bhráca na hainnise;

– AGUS Í Á AITHINT gur dhá fhoirm coireachta ar leith iad an smuigléireacht imirceach agus an gháinneáil ar dhaoine, a chumhdaítear faoi chreataí dlí ar leith ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, gur féidir an dá fhoirm coireachta a idirnascadh, agus gur gá bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar an ngáinneáil ar imircigh, go háirithe ar leanaí, a ndearnadh smuigleáil orthu, lena n-áirítear an gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, toisc go bhféadfadh an baol sin a bheith ann dóibh;

– AG MEABHRÚ DI an tábhacht a bhaineann leis an bprótacal ó na Náisiúin Aontaithe i gcoinne na gáinneála ar dhaoine[1], agus leis an gCoinbhinsiún ó Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht i gcoinne na Gáinneála ar Dhaoine[2];

– AG MEABHRÚ DI Treoir 2011/36/AE[3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint[4] agus Treoir 2009/52/AE[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena bhforáiltear d'íoschaighdeáin maidir le smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí atá ag náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach, lena n-áirítear bearta i gcoinne fostóirí a fhostaíonn go feasach náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach, ar íospartaigh gháinneála iad;

– AG MEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle 'Ag díriú ar chineálacha gáinneála ar dhaoine atá ag teacht chun cinn i mBallstáit an Aontais Eorpaigh';

– AG MEABHRÚ DI straitéis 2012-2016 an Aontais Eorpaigh chun an gháinneáil ar dhaoine a dhíothú[6], na conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis nua an Aontais Eorpaigh chun an gháinneáil ar dhaoine a dhíothú, agus an tuarascáil mheántéarmach maidir le cur chun feidhme na straitéise sin[7];

– AG MEABHRÚ DI an straitéis athnuaite slándála inmheánaí don Aontas Eorpach, lena n-áirítear an teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chlár oibre Eorpach don tslándáil, agus an clár oibre Eorpach don imirce;

---

1 Prótacal ó na Náisiúin Aontaithe chun gáinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí, a chosc, a chur faoi chois agus pionós a ghearradh ina leith, ar Prótacal é lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, Palermo, 2000.
2 Sraith Chonarthaí Chomhairle na hEorpa Uimh. 197.
3 Níl DK faoi cheangal ag an Treoir seo.
4 IO L 101, 15.04.11, lch. 1.
5 Níl DK faoi cheangal ag an Treoir seo.
6 Straitéis 2012-2016 an Aontais Eorpaigh chun an gháinneáil ar dhaoine a dhíothú, COM(2012) 286 final, 19 Meitheamh 2012.
7 Tuarascáil mheántéarmach maidir le cur chun feidhme straitéis an Aontais Eorpaigh chun an gháinneáil ar dhaoine a dhíothú, COM(2014) 635 final, 17 Deireadh Fómhair 2014.

– AGUS Í Á CHUR I dTREIS go bhfuil an gháinneáil ar dhaoine mar cheann de na tosaíochtaí atá ag an gComhairle[8] sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe sa tréimhse 2014-2017 faoi chuimsiú thimthriall beartais an Aontais maidir leis an gcoireacht eagraithe agus tromchúiseach idirnáisiúnta;

– AGUS Í Á CHUR I dTREIS a thábhachtaí atá sé obair chuibhiúil a chur chun cinn i margadh an tsaothair san Eoraip agus feabhas a chur ar chomhlíonadh agus ar fhorghníomhú na gcaighdeán ábhartha idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta i réimse dhlí an tsaothair, dálaí oibre agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair chomh maith le hobair neamhdhearbhaithe a chosc, a dhíspreagadh agus a chomhrac, mar a bhí faoi chaibidil le déanaí ag comhdháil a bhí ar bun in Amstardam ar an 8-9 Feabhra 2016 dar teideal 'Obair Chuibhiúil a Chur Chun Cinn';

– AG FÉACHAINT DI go n-eascraíonn iomaíocht éagórach as gáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre agus go ndéantar dochar do chuideachtaí a chomhlíonann ina n-iomláine na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme agus a ngnó á chur i gcrích acu;

– AGUS Í Á CHUR I dTREIS go bhfuil iarrachtaí déanta cheana féin ag an gCoimisiún Eorpach agus ag gníomhaireachtaí de chuid an Aontais chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre;

– IS MÓR AICI go bhfuil iarrachtaí ar bun ag na Ballstáit, lena n-áirítear, mar shampla, aonaid thiomnaithe a chruthú atá inniúil chun plé leis an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre;

– IS MÓR AICI an obair atá ar bun ag Europol agus Eurojust chun bac a chur ar an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh an deis a bheith ann cur leis an méid faisnéise a sholáthraítear do Europol agus le líon na gcásanna lena mbíonn Eurojust ag plé maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre;

– IS MÓR AICI lámhleabhar Team*Work*! lámhleabhar do na saineolaithe maidir le comhar ildisciplíneach i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, ar lámhleabhar é atá bunaithe ar ionchur ó shaineolaithe ó na Ballstáit agus a chuir iar-Uachtaránacht, Uachtaránacht reatha, agus Uachtaránacht nua na Comhairle i dtoll a chéile, is iad sin Lucsamburg, an Ísiltír, Poblacht na Slóvaice agus Málta, i gcomhar le comhdháil Team*Work*! a bhí ar siúl ar an 18-19 Eanáir 2016 in Amstardam;

---

8 12095/13.

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus na Ballstáit, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle,

LEAGANN SIAD BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le comhar idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, comhar lena mbaintear feidhm as cur chuige trasteorann atá cuimsitheach agus ildisciplíneach agus lena gcuimsítear an earnáil phoiblí, agus go háirithe seirbhísí breithiúnacha agus ionchúisimh, seirbhísí póilíneachta agus seirbhísí imscrúdaithe coiriúla eile, cigireacht saothair, cigireacht ar chúrsaí sóisialta, sláinte agus eile, seirbhísí trasteorann, seirbhísí inimirce, seirbhísí ambasáide agus consalachta, rialtais áitiúla agus réigiúnacha agus údaráis chánach, mar aon leis an earnáil phoiblí lena n-áirítear cuideachtaí, a gcuid soláthraithe agus fochonraitheoirí, na ceardchumainn agus an tsochaí shibhialta;

CUIREANN SIAD IN IÚL GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go nglacfaidh an Coimisiún Clár Oibre Eorpach chun deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine (clár oibre a bheidh mar thoradh ar straitéis reatha an Aontais i gcoinne na gáinneála) agus go leanfar ar aghaidh le dul i ngleic le gach cineál gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear an gháinneáil ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre;

BAINEANN SIAD DE THÁTAL as an méid sin go mbeadh na gníomhaíochtaí seo a leanas cuiditheach ó thaobh freagairt láidir a dhéanamh don gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre agus

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN an méid a leanas a dhéanamh:

– leanúint de bhearta agus gníomhaíochta ildisciplíneacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear ar gháinneáil ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, trí bhearta a dhéanamh d'oibríochtaí cuideachtaí agus dá slabhra soláthair mar shampla, agus trí leanúint de thacaíocht a thabhairt d'íospartaigh gach uile chineál gáinneála ar dhaoine sa Chlár Oibre Eorpach nua chun deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine (an straitéis iar-2016 le haghaidh frithgháinneála) tríd an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

  - leanúint de mhalartú an dea-chleachtais a chur chun cinn maidir le comhar ildisciplíneach lena gcuirtear cúnamh, tacaíocht agus cúiteamh ar fáil d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear an gháinneáil ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, idir fhir aonair, mhná aonair agus leanaí aonair[9] agus ghrúpaí d'íospartaigh;

  - tráth a ndéantar iarratais ar víosaí a phróiseáil, na dea-chleachtais maidir le comharthaí na gáinneála ar dhaoine a bhrath atá sa Lámhleabhar ar Víosaí a chur san áireamh, lena n-áirítear comharthaí na gáinneála ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre;

  - na Ballstáit a spreagadh chun treisiú le comhroinnt na ndea-chleachtas agus na mbeart chun laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí a eascraíonn as daoine a bheith ina n-íospartaigh ag an ngáinneáil ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre;

  - gníomhaíocht chomhordaithe sheachtrach an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhaoine a atreisiú, lena n-áirítear gáinneáil ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre;

  - comhar le cuideachtaí a spreagadh i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, agus soláthraithe, fochonraitheoirí agus ceardchumainn a chur san áireamh sa chomhar sin;

---

[9] De réir Airteagal 2(6) de Threoir 2011/36 maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, ciallóidh 'leanbh' aon duine atá faoi ocht mbliana déag d'aois.

- leanúint de mhaoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre agus go háirithe:
  - comhar praiticiúil agus oibríochtúil a spreagadh i measc na mBallstát i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre , mar shampla trí thionscnaimh maidir le comhchigireacht;
  - forbairt a dhéanamh ar fheachtais lena n-ardaítear feasacht ghairmithe agus an phobail i gcoitinne ar an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre agus teagmháil a dhéanamh le grúpaí leochaileacha le go méadófar an t-eolas atá acu ar a gcuid ceart;
  - páirt iomlán a thabhairt do chigireacht saothair agus eile agus do rialtais áitiúla agus réigiúnacha, i gcomhar ildisciplíneach AE i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, i ndlúthchomhar le Coiste na Réigiún, i gcás inarb iomchuí, mar shampla trí iad a spreagadh chun leas a bhaint as an gcur chuige riaracháin sa chomhrac i gcoinne dúshaothrú den sórt sin;
- gníomhaíochtaí a chomhordú tuilleadh le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le comhlachtaí Eorpacha eile agus leas iomlán a bhaint as tuarascálacha faireacháin na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe Grúpa Saineolaithe Chomhairle na hEorpa um an nGáinneáil ar Dhaoine (GRETA).

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Treoir 2011/36/AE[10] a chur chun feidhme go hiomlán agus a áirithiú go bhfuil rochtain ag íospartaigh ar na cearta a thugtar dóibh leis an Treoir, agus gníomhú chun an gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a chosc agus gáinneálaithe a ionchúiseamh; agus Treoir 2009/52[11] a chur chun feidhme go hiomlán;

– Breathnú ar Phrótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach, 1930, ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, a dhaingniú mar a comhaontaíodh i gCinneadh (AE) 2015/2071[12];

– Comhar agus malartú faisnéise ildisciplíneach náisiúnta agus trasteorann a neartú i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, lena n-áirítear laistigh de thimthriall beartais an Aontais Eorpaigh maidir le coireacht thromchúiseach agus eagraithe, trí pháirt a thabhairt do réimse leathan geallsealbhóirí sna gníomhaíochtaí i dtaca leis an ábhar seo a áiríodh sa Phlean Gníomhaíochta Oibríochtúil i ndáil le Tosaíocht Choiriúil an Aontais maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine , trí na huirlisí riachtanacha a thabhairt do na haonaid imscrúdúcháin frithgháinneála go mbeidh siad in ann a gcuid a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus trí Chomhfhoirne Imscrúdaithe a bhunú nuair is féidir, nuair is ábhartha agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

– Na himscrúduithe a úsáid ar bhonn réamhghníomhach i ngach cás gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, chun a bhailiú, chun eagraíochtaí coiriúla a mhapáil, chun faisnéis airgeadais a bhailiú agus chun sócmhainní coiriúla a shainaithint, a chalcadh agus a choigistiú;

– Feachtais feasachta chomhuaineacha a eagrú ar bhonn comhpháirteach, nuair is féidir, i dtíortha tionscnaimh agus ceann scríbe d'fhonn an t-éileamh ar earraí agus seirbhísí arna dtáirgeadh ag íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a laghdú, agus soláthar na n-earraí sin a dhíspreagadh;

– Oiliúint (speisialaithe agus ildisciplíneach) a chur ar fáil atá dírithe ar ghairmithe na n-údarás agus na n-eagraíochtaí ábhartha atá páirteach sa chur chuige ildisciplíneach, lena n-áirítear bealaí chun an gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a bhrath agus a shainaithint, fianaise ina leith a bhailiú agus an gháinneáil a ionchúiseamh, agus bealaí chun tacú leis na híospartaigh a gcearta a éileamh;

---

10 Níl DK faoi cheangal ag an Treoir seo.
11 Níl DK faoi cheangal ag an Treoir seo.
12 IO L 301, 18.11.2015, lch. 48.

– maoiniú agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre agus ar riachtanais agus ar chearta na n-íospartach;

– na huirlisí a bhfuil gá acu leo a chur ar fáil do chigireachtaí saothair agus do chigireachtaí eile chun a gcuid a dhéanamh sa chomhar ildisciplíneach i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, mar shampla eolaire AE ina dtugtar sonraí maidir leis na cumhachtaí agus na daoine teagmhála sna cigireachtaí ábhartha, maidir le cigirí a thabhairt ar iasacht chuig cigireachtaí i mBallstáit eile agus bealaí chun taithí, dea-chleachtais agus treochtaí a mhalartú; agus chun na críche sin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

– Féachaint ar na deiseanna chun comhar trasteorann a éascú idir cigireachtaí saothair agus cigireachtaí eile, mar shampla na deiseanna chun líonra an Aontais Eorpaigh a bhunú le haghaidh cigirí saothair agus cigireachtaí eile maidir le saincheist na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre agus uirlisí a fhorbairt chun tacú leis an gcomhar sin.

IARRAIDH AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN a dtacaíocht d'imscrúduithe cóiriúla agus do chomhar breithiúnach a neartú chun an gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a chomhrac, agus bearta, lena n-áirítear cleachtais agus noirm, a chur chun cinn, in éineacht leis an earnáil phríobháideach, chun an gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a chosc.

IARRANN SÍ AR GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS SEO A LEANAS an méid a leanas a dhéanamh:

– EASO: a áirithiú go mbeidh an gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre san áireamh sna huirlisí a fhorbrófar chun íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a bhrath sna nósanna imeachta tearmainn acu;

– Europol: tacaíocht a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí sna Ballstáit sa chomhar ildisciplíneach maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, mar shampla, trí chigirí saothair agus geallsealbhóirí eile a áireamh i gcruinnithe den Chlár Oibre Ildisciplíneach Eorpach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), i gcruinnithe oibríochtúla agus laethanta gníomhaíochta ar an ábhar seo; agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun úsáid réamhghníomhach a bhaint as imscrúduithe airgeadais i ngach cás gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, agus eolas a roinnt maidir le fianaise a bhailiú, eagraíochtaí coiriúla a mhapáil, faisnéis airgeadais a bhailiú agus sócmhainní coiriúla a shainaithint, a chalcadh agus a choigistiú, lena n-áirítear na geallsealbhóirí uile amhail Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (FIUanna), seirbhísí ionchúisimh, údaráis chánach agus institiúidí airgeadais.

– Frontex: tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phróifílí riosca a úsáidfidh gardaí teorann chun íospartaigh ionchasacha lucht gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a shainaithint ag teorainneacha aeir, talún agus farraige;

– Eurojust: leanúint ar aghaidh le cúnamh a thabhairt do na Ballstáit i gcomhordú an chomhair bhreithiúnaigh thrasteorann i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre agus rannchuidiú le neartú acmhainn chomhpháirteach na mBallstát sa réimse seo, lena n-áirítear trí líon na gcásanna imscrúduithe agus ionchúisimh mar gheall ar an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a mhéadú, mar is iomchuí;

– CEPOL, ETJN agus EIGE: oiliúint rialta agus iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, lena n-áirítear bealaí chun gáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a bhrath agus a shainaithint, fianaise ina leith a bhailiú agus an gháinneáil sin a ionchúiseamh, trí sheirbhísí póilíneachta, cigireachtaí saothair agus gníomhaireachtaí rialtais eile a thabhairt le chéile nuair is iomchuí.

IS DÍOL SÁSAIMH DI an staidéar maidir leis an gcásdlí a bhaineann leis an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre, an Staidéar ar ghrúpaí ardriosca maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine agus an Staidéar maidir le tionscnaimh chun an gháinneáil ar dhaoine a chosc, arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach, mar aon leis an tuarascáil ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) maidir le cineálacha diana dúshaothraithe oibre, agus obair chomhpháirteach le Eurofound chun treoirleabhar dea-chleachtais[13] a fhorbairt le haghaidh idirghabhálaithe i margadh an tsaothair chun an gháinneáil ar dhaoine ar mhaithe leis an dúshaothrú oibre a chosc, agus IARRANN SÍ ar na geallsealbhóirí uile lámhleabhair ábhartha, spriocdhírithe a scaipeadh, go háirithe

A IARRAIDH ar an Uachtaránacht, ar an gCoimisiún agus ar Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle, de réir mar is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí, faoin dul chun cinn maidir leis na Conclúidí seo a chur chun feidhme.

---

[13] Le foilsiú go fóill.